



An Bhruiséal, 6 Márta 2026
(OR. en)

6615/26
ADD 1

LIMITE

CORLX 193
CFSP/PESC 271
CONUN 20
COARM 19

NÓTA

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE mar thaca le sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha, mar aon lena n-armlón, chun an baol a bhaineann lena n-atreorú agus lena n-aistriú aindleathach a laghdú ('iTrace VI') - Iarscríbhinn

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

Tionscadal mar thaca le sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha agus armlón chun an baol a bhaineann lena n-atreorú agus lena n-aistriú aindleathach a laghdú ('iTrace VI')

An sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm aindleathacha, mar aon lena n-armlón 'iTrace'

1. Cúlra agus réasúnaíocht do thacaíocht ó CBES

1.1. Leis an gCinneadh seo, cuirtear le Cinntí comhleanúnacha ón gComhairle chun an tionchar díchobhsaitheach atá ag atreorú agus gáinneáil ar ghnáth-airm agus a n-armlón i limistéir ina bhfuil coinbhleacht a chomhrac, go háirithe Cinntí 2013/698/CBES, (CBES) 2015/1908, (CBES) 2017/2283, (CBES) 2019/2191 agus (CBES) 2023/387 lenar bunaíodh agus lenar feabhsaíodh an sásra tuairiscithe domhanda ar ghnáth-airm, mar aon lena n-armlón 'iTrace'.

Is dúshlán soiléir do shlándaíl an Aontais é atreorú gnáth-arm mar aon lena n-armlón, agus rochtain neamhúdaráithe ar na comhpháirteanna agus ar na teicneolaíochtaí is gá chun iad a mhonarú agus a oibriú. Áirítear leis sin fáil a bheith ag stáit naimhdeacha orthu agus iad a bheith á n-atreorú ag stáit naimhdeacha; gníomhaíochtaí faighteoirí neamhúdaráithe na n-arm sin a chuireann bac ar fhorbairt agus ar bhainistiú géarchéime an Aontais, ar a iarrachtaí daonnúla agus cobhsaíochta i limistéir den domhan atá thíos le coinbhleacht armtha; agus an úsáid a bhaineann coirpigh, grúpaí coiriúla eagraithe agus sceimhlitheoirí astu chun ionsaithe a dhéanamh ar thalamh na hEorpa.

Is dearbhú iad na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi Chinneadh (CBES) 2023/387 go bhfuil athrú tagtha ar chineál na láithreach catha le linn Gníomhaíochtaí iTrace comhleanúnacha. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann stáit naimhdeacha agus faighteoirí neamhúdaráithe as teicneolaíochtaí atá ar fáil go forleathan, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear chun aerchórais gan foireann a mhonarú, chun feabhas a chur ar chumais na ngnáth-arm traidisiúnta agus an armlóin thraidisiúnta. Tá méadú ag teacht go tapa ar phoitéinseal gníomhaithe ísealacmhainneachta armra atá ag éirí níos sofaisticiúla a fhorbairt agus leanfaidh sé de choimbhleachtaí armtha a mhúnlú ar fud an domhain.

Bhí ról lárnach ag an Tionscadal iTrace maidir le Ballstáit an Aontais a chur ar an eolas faoi na forbairtí sin agus maidir le tacú le gníomhaíocht náisiúnta iltaobhach chun atreorú arm agus slabhraí soláthair aindleathacha a chomhrac. D'athdhearbhaigh Ballstáit an Aontais an tábhacht straitéiseach a bhaineann le iTrace sna Conclúidí ón gComhairle maidir le rialú ar onnmhairiú arm an 14 Aibreán 2025. Ó bunaíodh é, tá iTrace ag feidhmiú i níos mó ná 40 stát atá buailte ag coinbhleacht agus chruthaigh sé an stór is mó ar domhan de ghnáth-airm agus armlón atreoraithe, ag tacú le cur chun feidhme Chomhsheasamh 2008/944/CBES (comhdhlúite), Airteagal 11 den Chonradh Trádála Arm (CTA), na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe (IIR), Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le mionairm agus armáin éadroma, agus an Chreata Dhomhanda maidir le hArmlón.

Leis an tionscadal, tá doiciméadú déanta ar na mílte cásanna d'atreorú, tacaíodh le hionchúisimh choiriúla, agus rinneadh eolas do smachtbhannaí i gcoinne eintitis a sholáthraíonn airm, armlón agus comhpháirteanna gaolmhara do ghníomhaithe naimhdeacha. Leis na gníomhaíochtaí sin, dearbhaítear gur tionscnamh é iTrace atá suntasach ó thaobh straitéise de lena dtacaítear leis an gcinnteoireacht ar fud raon iomlán na bpróiseas rialaithe arm agus slándála.

1.2. Léiríodh le Tionscadal iTrace freagrúlacht ard do thimpeallacht slándála dhomhanda atá ag athrú go tapa. Tá an t-éileamh ar fhaisnéis arna giniúint ag iTrace ag fás i gcónaí de réir mar a théann coinbhleachtaí i méid agus de réir mar a éiríonn siad níos idirnasctha, rud a éilíonn anailís níos casta ar an slabhra soláthair agus acmhainneacht fheabhsaithe anailiseach agus próiseála sonraí.

Dá bhrí sin, is é is aidhm don Chinneadh seo leanúint ar aghaidh leis an tionscadal agus é a neartú faoi Chinneadh (CBES) 2023/387 trí fhaisnéis atá ábhartha ó thaobh beartais de a thiomsaítear go córasach a sholáthar do lucht ceaptha beartas agus do chleachtóirí an Aontais chun tacú le straitéisí éifeachtacha fianaisebhunaithe i gcoinne atreorú agus aistrithe aindleathacha arm.

1.3. Leis an gCinneadh seo, déantar foráil maidir le cothabháil agus feabhsú leanúnach Chóras Tuairiscithe Domhanda ar Airm iTrace, lena n-áirítear; méadú ar imscaradh allamuigh; tacaíocht shaincheaptha do na Ballstáit trí chomhairliúcháin, táirgí sonraí saincheaptha, deasc chabhrach 24 uair an chloig, agus fíorú iar-loingsithe; agus oiliúint agus meantóireacht a chur ar údaráis náisiúnta i stáit atá buailte ag coinbhleacht chun acmhainneachtaí rianaithe agus frith-atreoraithe a neartú.

2. Cuspóirí foriomlána

Leis an nGníomhaíocht, tacófar le hiarrachtaí idirnáisiúnta ar chur i gcoinne na n-éifeachtaí díchobhsaitheacha a bhaineann le hatreorú gnáth-arm agus armlón agus gáinneáil ar ghnáth-airm agus armlóin trí fhaisnéis atá ábhartha ó thaobh beartais de agus tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil. Thar aon rud eile, dhéanfaí an méid seo a leanas leis an údarás nua sin:

- tacú le cur chun feidhme Chomhsheasamh 2008/944/CBES (comhdhlúite), CTA, Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe, ICC, agus an Chreata Dhomhanda maidir le hArmlón;
- cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit riosca atreoraithe a mheasúnú agus a mhaolú;
- na bealaí atreoraithe mar aon leis na gníomhaithe agus na líonraí a shainithint chun tacú le himeachtaí dlíthiúla;
- an comhar le comhlachtaí na Náisiún Aontaithe, le INTERPOL (iARMS), le Europol, agus le comhpháirtithe eile a neartú;
- bonn eolais a chur faoi réimsí tosaíochta le haghaidh comhar agus cúnaimh idirnáisiúnta agus réigiúnach;
- tacú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CTA agus ar mheasúnú riosca atreoraithe réamhonnmhairiúcháin; agus
- feabhas a chur ar chumas Conflict Armament Research (CAR) comhpháirteanna agus teicneolaíochtaí arm a dhoiciméadú agus a anailísiú.

3. Inbhuanaitheacht agus torthaí fadtéarmacha

Leis an nGníomhaíocht, cuirfear creat atá marthanach structúrtha ar fáil chun faireachán leantach a dhéanamh ar leathadh aindleathach gnáth-arm mar aon lena n-armlón. Cuirfear go mór le méid, raon feidhme agus luach anailiseach na faisnéise a bhaineann le hairm atá ar fáil d'institiúidí an Aontais, do na Ballstáit agus do chomhpháirtithe idirnáisiúnta, agus tacófar le forbairt spriocdhírthe beartas éifeachtach maidir le rialú gnáth-arm agus rialú onnmhairí, lena n-áirítear smachtbhannaí agus bearta maolaithe riosca.

Go háirithe, déanfaidh an Gníomhaíocht an méid seo a leanas:

- cur le córas bainistithe faisnéise iTrace agus é a chothabháil mar stór fadtéarmach le haghaidh sonraí fíoraithe maidir le gnáth-airm aindleathacha, armlón, comhphárteanna agus teicneolaíochtaí gaolmhara;
- uirlis anailiseach láidir a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas agus do chleachtóirí rialaithe arm chun rioscaí atreoraithe a shainaithint, réimsí tosaíochta a shainiú le haghaidh cúnaimh agus comhair, agus tacú le sásraí comhordúcháin réigiúnacha agus foréigiúnacha;
- solúbthacht leordhóthanach a choinneáil chun aschuir atá ábhartha ó thaobh beartais de a ghiniúint mar fhreagairt ar cheanglais slándála agus bheartais atá ag teacht chun cinn;
- éifeachtacht eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha um fhaireachán arm a fheabhsú trí chomhroinnt leanúnach faisnéise agus trí thacaíocht theicniúil; agus
- acmhainneacht náisiúnta mharthanach a fhorbairt i stáit atá buailte ag coinbhleacht chun gnáth-airm aindleathacha a shainaithint, a rianú agus a thuairisciú, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht i bpróisis idirnáisiúnta maidir le rialú arm agus forfheidhmiú dlí a neartú.

4. Cur síos ar an nGníomhaíocht

4.1. Tionscadal 1: Acmhainneacht theicniúil a fhorbairt maidir le sainaithint agus rianú arm

Cuspóir: Cumas na n-údarás náisiúnta i stáit atá buailte ag coinbhleacht a neartú chun gnáth-airm aindleathacha agus armlón aindleathach a shainnithint, a dhoiciméadú, a rianú agus a bhainistiú, agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí atreoraithe ag an bhfoinse.

Gníomhaíochtaí: Cuirfear oiliúint agus meantóireacht ar fáil trí mhisin allamuigh agus imscrúduithe comhpháirteacha a dhéanfar arís agus arís eile. Áireofar ar na gníomhaíochtaí teagasc maidir le gnáth-airm a shainnithint agus a dhoiciméadú, láimhseáil fianaise agus líne chúraim, cur chun feidhme na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe, cleachtais mharcála agus coimeádta taifead, agus measúnuithe ar shlándáil fhisiciúil agus ar bhainistiú stoc-charn. Cuirfear an oiliúint in oiriúint do riachtanais náisiúnta agus cuirfear ar fáil í do chomhlachtaí forfheidhmithe dlí, d'ionchúisitheoirí, agus, i gcás inarb iomchuí, do phearsanra tacaíochta síochána agus do mhisin na Náisiún Aontaithe nó an Aontais.

Torthaí: Cuirfidh an tionscadal feabhas ar an acmhainneacht rianaithe náisiúnta, cuirfidh sé feabhas ar rochtain d'fhoirne imscrúdaithe allamuigh iTrace, méadóidh sé méid agus cáilíocht na sonraí a bhailítear, agus tacóidh sé le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe, an Chláir Gníomhaíochta, an Chreata Dhomhanda maidir le Bainistiú Gnáth-Armlón le linn a Saolré (CDA), Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16.4.2, agus tionscnamh rialaithe arm a fhaigheann tacaíocht ón Aontas.

Táscairí: Suas le 40 cuairt oiliúna agus meantóireachta allamuigh le linn thréimhse 3 bliana an tionscadail.

4.2. Tionscadal 2: Cothabháil an chórais iTrace agus imscrúduithe allamuigh

Cuspóir: Leis an tionscadal seo, cothófar an tionscadal taighde allamuigh ar ghnáth-airm agus armlón a scaiptear i limistéir atá buailte ag coinbhleachtaí. Tabharfar tús áite sa tionscadal do thíortha is ábhar inní ar leith do na Ballstáit iad, lena n-áirítear, *inter alia*, an Iaráic, an Liobáin, an Libia, an tSomáil, an tSúdáin, an tSiria, an Úcráin agus Éimin⁸. Cuirfidh na himscrúduithe sin ar an talamh fianaise nithiúil ar fáil maidir le gnáth-airm atreoraithe atá ag fórsaí ceannairceacha agus sceimhlitheoireachta, rud a bheadh dofheicthe murach sin do bhreathnóirí seachtracha (lena n-áirítear Ballstáit an Aontais a onnmhairíonn airm). Rianóidh siad freisin na naisc idir airm, armlón, agus a gcomhphárteanna agus a dteicneolaíochtaí a fhaightear sna réigiúin éagsúla sin atá buailte ag coinbhleacht. Iarrfaidh CAR go dtabharfaidh Meitheal Chomhairle an Aontais Eorpaigh um Neamhleathadh agus Onnmhairiú Arm formheas roimh ré sula mbeidh rannpháirtíocht shubstainteach ann sna tíortha uile nach raibh faoi réir imscrúduithe allamuigh iTrace ná chláir oiliúna agus meantóireachta iTrace roimhe sin.

Gníomhaíochtaí: Úsáidfeadh saineolaithe cáilithe arm chun anailís allamuigh a dhéanamh ar ghnáth-airm aindleathacha, armlón, comhphárteanna agus teicneolaíochtaí gaolmhara a aisghabhtar i dtimpeallachtaí ina bhfuil coinbhleacht. Áireofar doiciméadacht fhótagrafach fheabhsaithe leis na gníomhaíochtaí; saothrú fóiréinseach; aisghabháil marcálacha atá scriosta nó a ndearnadh damáiste dóibh; fíorú faisnéise faoin monaróir, faoin allmhaireoir agus faoin úsáideoir deiridh; agus anailís ar dhoiciméadacht ghaolmhar maidir le pacáistiú, loingseoireacht agus lóistíocht. Leis na himscrúduithe, déanfar measúnú freisin ar phatrúin úsáide, modhnaithe agus oiriúnaithe don láthair chatha, lena n-áirítear comhtháthú comhphárteanna tráchtála agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

Déanfar an fhianaise fhíoraithe uile a uaslódáil chuig an gcóras bainistíochta faisnéise iTrace agus, i gcás inarb iomchuí, chuig an tairseach mhapála ar líne, rud a chumasóidh anailís chomparáideach thar réigiúin agus tréimhsí ama. Le rannpháirtíocht le comhpháirtithe áitiúla iontaofa, tacófar le bailiú leanúnach sonraí, agus le comhordú struchtúrtha leis na Ballstáit, déanfar raon feidhme imscrúdaitheach a shoiléiriú, íogaireachtaí a bhainistiú, agus coinbhleachtaí leasa a sheachaint.

⁸ Cuimsítear freisin obair chun tacú le Cinneadh 833/2014 ón gComhairle (comhdhlúite), lena n-áirítear earraí arna ndoiciméadú san Úcráin.

Torthaí: Leis an tionscadal, ginfear corpas láidir inchoimparáide d'fhianaise fhíoraithe maidir le hatreorú agus gáinneáil ar fud an iliomad láithreacha. Cuirfear feabhas leis ar thuiscint na mBallstát ar shlabhraí soláthair aindleathacha, ar mhodheolaíochtaí gáinneála, agus ar theicnící ceilte, agus neartófar a n-acmhainneacht cur isteach ar aistrithe aindleathacha trí rialuithe onnmhairiúcháin, smachtbhannaí agus gníomhaíocht forfheidhmithe dlí.

Táscairí: Suas le 75 imscaradh allamuigh, lena n-áirítear misin fhadaíthe i gcás inar gá, le linn thréimhse 3 bliana an tionscadail.

4.3. Tionscadal 3: Tacaíocht shaincheaptha do na Ballstáit

Cuspóir: Tacaíocht shaincheaptha oibríochtúil agus anailíseach a chur ar fáil d'údaráis rialaithe onnmhairithe arm agus do lucht ceaptha beartas na mBallstát lena dtugtar aghaidh ar rioscaí atreoraithe agus ar rialuithe iar-onnmhairiúcháin.

Gníomhaíochtaí: Áireofar ar an tacaíocht comhairliúcháin dhéthaobhacha rialta agus cuairteanna chuig na príomhchathracha, deasc chabhrach 24 uair an chloig a oibriú, deaiseanna slána ar líne a chothabháil lena ndéantar sonraí criptithe iTrace a shruthú, Córas Tuairiscithe Domhanda ar Airm iTrace a chothabháil, a dhaingniú agus a fheabhsú go mór, lena n-áirítear samhail sonraí athbhreithnithe agus ionchur agus anailísíocht sonraí meaisínfhoghlaim-chuidithe, agus misin fíoraithe iarloingsithe nó iarsheachadta a sholáthar arna iarraidh sin go hoifigiúil.

Torthaí: Leis an tionscadal, neartófar measúnuithe riosca ar atreorú, feabhsófar faireachán iar-onnmhairiúcháin, tacófar le cinntí ceadúnúcháin faoi Chomhsheasamh 2008/944/CBES agus CTA, agus éascófar rannpháirtíocht eolasach i bpróisis bheartais idirnáisiúnta.

Táscairí: Suas le 20 cuairt chuig príomhchathracha na mBallstát; oibriú leanúnach deaiseanna agus seirbhísí deisce cabhrach.

4.4. Tionscadal 4: For-rochtain, comhairle beartais, agus comhordú idirnáisiúnta

Cuspóir: Úsáid éifeachtach aschur iTrace a chur chun cinn agus comhordú idirnáisiúnta agus comhroinnt faisnéise a neartú chun tacú le rialú gnáth-arm.

Gníomhaíochtaí: Aireofar ar na gníomhaíochtaí rannpháirtíocht i gcomhdhálacha idirnáisiúnta agus i bpróisis bheartais, rannpháirtíocht taidhleoireachta spriocdhírthe, tacaíocht chomhairleach bheartais, agus socruithe foirmiúla comhroinnte faisnéise a fhorbairt le heagraíochtaí ábhartha atá in ann sonraí a chur le iTrace.

Torthaí: Feasacht idirnáisiúnta fheabhsaithe ar iTrace, comhar feabhsaithe le comhpháirtithe nach bhfuil san Aontas, agus comhleanúnachas beartais neartaithe ar fud creataí rialaithe arm agus smachtbhannaí.

Táscairí: Suas le 50 gníomhaíocht for-rochtana agus chomhairleach bheartais le linn thréimhse an tionscadail.

4.5. Tionscadal 5: aschuir thaighde iTrace

Cuspóir: Aschuir taighde údarásacha a tháirgeadh a dhíorthaítear ó sonraí iTrace a dhéanann eolas do dhíospóireachtaí beartais agus faoi fhreagairtí oibríochtúla ar atreorú agus ar gháinneáil.

Gníomhaíochtaí: Grinnanailís as a n-eascraíonn ullmhú, athbhreithniú, foilsiú agus scaipeadh suas le 20 aschur atá dírithe ar bheartais lena dtugtar aghaidh ar mhórphatrúin gháinneála, ar threochtaí réigiúnacha, agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn.

Torthaí: Ábharthacht beartais fheabhsaithe sonraí iTrace, trédhearcacht mhéadaithe, agus infheictheacht mharthanach na Gníomhaíochta laistigh de thimpeallachtaí idirnáisiúnta beartais agus meán.

4.6. Tionscadal 6: Gnáth-airm, armlón, agus rianú agus imscrúduithe ar chomhpháirteanna

Cuspóir: Iarrataí foirmiúla ar rianú agus imscrúduithe gaolmhara a dhéanamh chun sásraí atreoraithe, athaistrithe neamhúdairithe, sárúithe ar smachtbhannaí, agus struchtúr na líonraí aindleathacha soláthair gnáth-arm a shainaithint.

Gníomhaíochtaí: Cuirfear clár leanúnach d'iarrataí ar rianú faoi bhráid na rialtas náisiúnta agus na n-eintiteas ábhartha le haghaidh gnáth-airm aindleathacha, armlón agus comhpháirteanna arna ndoiciméadú trí imscrúduithe iTrace. Tacófar leis na gníomhaíochtaí sin le hobair anailíseach leantach, lena n-áirítear atógáil an tslabhra soláthair, mapáil líonraí, agus measúnú ar ghníomhaithe airgeadais, lóistíochta agus idirmheánacha a bhfuil baint acu le hatreorú. Leanfaidh CAR de thaighde a dhéanamh agus de theicneolaíochtaí agus modheolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chur i bhfeidhm chun inrianaitheacht agus doimhneacht anailíseach a fheabhsú.

Déanfar gníomhaíochtaí rianaithe a chomhordú go dlúth le stáit onnmhairiúcháin agus idirthurais, go háirithe údaráis na mBallstát um rialú ar onnmhairiú arm, agus tacófar leo le hathaistrithe neamhúdaraithé, atreorú iar-onnmhairiúcháin, agus sárúithe ar ghealltanais úsáideoirí deiridh a shainaitint. Beidh na torthaí mar bhonn eolais do bhearta spriocdhírithé i gcoinne atreorú, lena n-áirítear measúnuithe riosca ar onnmhairiú, cur chun feidhme smachtbhannaí, agus roghanna maidir le suaitheadh ar an líonra.

Torthaí: Leis an tionscadal, leathnófar a thuilleadh stór domhanda na n-arm agus an armlóin coinbhleachta rianaithe, cuirfear leis an tuiscint ar ghnéithe daonna, airgeadais agus lóistíochta an atreoraithe, agus cuirfear roghanna inghníomhaithe ar fáil do lucht ceaptha beartas chun aghaidh a thabhairt ar aistrithe aindleathacha, rud a chomhlánóidh trádhaic thraidisiúnta arm agus rialuithe onnmhairiúcháin.

5. Suíomh

Cuirfear tionscadail chun feidhme trí imscaradh allamuigh i réigiúin atá buailte ag coinbhleacht, trí ghníomhaíochtaí déthaobhacha i bpríomhchathracha na mBallstát, trí rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta, agus trí ghníomhaíochtaí taighde agus foilsithe arna ndéanamh in áiteanna éagsúla san Eoraip.

6. Fad

Meastar go mairfidh an Gníomhaíocht 36 mhí ar an iomlán.

7. Eintiteas cur chun feidhme agus infheictheacht an Aontais

Neadáíonn CAR foirne beaga imscrúdaithe allamuigh i bhfórsaí cosanta agus slándála áitiúla, i measc pearsanra síochánaíochta/ pearsanra tacaíochta síochána, agus i measc gníomhaithe eile a bhfuil sainorduithe slándála acu. Nuair a fhaigheann na fórsaí/misin sin airm aindleathacha nó suíomhanna bailithe fianaise, aisghabhann foirne CAR an fhianaise go léir atá ar fáil maidir leis na hairm sin agus maidir leis na grúpaí a d'úsáid iad. Ina dhiaidh sin rianaíonn CAR gach earra uathúil atá inaitheanta agus déanann sé imscrúduithe fadréimseacha ar a n-aistrithe aindleathacha, ar na slabhraí soláthair, agus ar an tacaíocht a tugadh leo do pháirtithe a chuireann an tsíocháin agus an chobhsaíocht i mbaol.

Agus í ag obair le húdaráis náisiúnta um cheadúnú onnmhairithe agus eintitis neamhrialtasacha, athchruthaíonn CAR na slabhraí soláthair trínar tugadh na hairm isteach i gcoinbhleachtaí armtha, agus sainaitheann sé gníomhaíochtaí aindleathacha agus atreoruithe arm ó mhargaí dleathacha go margáí aindleathacha. Taifeadann CAR an fhaisnéis a bailíodh sa chóras domhanda faireacháin arm iTrace, ina bhfuil níos mó ná milliún arm coinbhleachta, armlón, agus ábhar gaolmhar, an stór sonraí arm coinbhleachta is mó ar domhan.

Úsáideann CAR an fhaisnéis sin chun (a) foláireamh a thabhairt do na Ballstáit maidir le hatreorú gnáth-arm, mar aon lena n-armlón, agus, (b) tionscnaimh spriocdhírithé i gcoinne atreorú a chumasú, lena n-áirítear bearta rialaithe onnmhairithe arna n-athbhreithniú agus gníomhaíocht taidhleoireachta idirnáisiúnta.

Tá sé cruthaithe go n-aimsítear atreorú leis an modheolaíocht sin beagnach láithreach, mar tharla sé go raibh foirne allamuigh de chuid CAR in ann na Ballstáit a chur ar an eolas maidir le hairm atreoraithe agus na foirne sin fós á n-imscaradh i limistéir atá buailte ag coinbhleacht. I gcásanna áirithe, tá ath-aistrithe neamhúdairithe aimsithe ag foirne de chuid CAR laistigh de 2 mhí ó d'fhág na hairm sin an monarcha.

Le Cinneadh (CBES) 2019/2191, tacaíodh le CAR leanúint ar aghaidh agus cur leis an tionscadal iTrace arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2013/698 an 25 Samhain 2013 agus arna athnuachan le Cinntí (CBES) 2015/1908, (CBES) 2017/2283, (CBES) 2019/2191, agus (CBES) 2023/387. A bhfuil leis na tionscadail iTrace ar a dtugtar iTrace I, II, III, IV agus V, faoi seach, aithnítear ar fud an domhain gur tionscnamh suntasach faireacháin arm coinbhleachta é iTrace a thug tacaíocht dhíreach d'údaráis um cheadúnú onnmhairithe an Aontais agus do lucht ceaptha beartas rialaithe arm. D'aithin Ballstáit an Aontais a ríthábhachtaí atá tionscadal iTrace le déanaí sna Conclúidí ón gComhairle maidir le rialú ar onnmhairiú arm an 14 Aibreán 2025, inar gheall an Chomhairle go leanfadh sí de thacaíocht a thabhairt do shásra tuairiscithe domhanda iTrace maidir le gnáth-airm mar aon lena n-armlón, agus é a fhorbairt a thuilleadh.

Ina theannta sin, an 2 Nollaig 2015, i bplean gníomhaíochta an Aontais chun gáinneáil aindleathach ar airm thine agus pléascáin a chomhrac agus chun a n-úsáid sin a chosc, iarradh 'síneadh a chur le húsáid iTrace' agus moladh go gcuirfeadh aon údarás náisiúnta fhorfheidhmithe an dlí a bhraith atreorú arm agus armlóin na taifid in iTrace i gcomparáid lena dtaifid féin. In 2019, thug CAR meabhrán tuisceana i gcéim le Europol chun cabhrú leis na gníomhaíochtaí sin. Thairis sin, chuir CAR sonraí iTrace ar fáil do chóras iARMS de chuid INTERPOL agus chabhraigh sé le INTERPOL airm arna n-uaslódáil ag na Ballstáit chuig iARMS a shainaitint.

Déanfaidh CAR gach beart iomchuí lena phoibliú gurb é an tAontas a chistigh an ghníomhaíocht seo. Déanfar na bearta sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht agus leis an Lámhleabhar Infheictheachta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh arna leagan síos agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach.

Ar an gcaoi sin, áiritheoidh CAR infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an gCinneadh seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais le feiceáil go soiléir ar ábhar a tháirgeann an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

8. Modheolaíocht agus coimircí do chomhpháirtithe rialtais náisiúnta

Coinneoidh gníomhaíocht iTrace cothromaíocht ó thaobh na polaitíochta de sa tuairisciú a dhéanann sé. I gcomhréir le prionsabail lárnacha CAR maidir le neamhspleáchas agus oibiachtúlacht, tuairisceoidh an Ghníomhaíocht ar ghnáth-airm aindleathacha, mar aon lena n-armlón, agus ar na comhpháirteanna agus na teicneolaíochtaí is gá chun iad a mhonarú agus a oibriú, ar a ndéanann foirne imscrúdaithe allamuigh CAR doiciméadú i stáit atá buailte ag coinbhleacht, gan dochar dá gcineál ná dá mbunáitíocht agus gan beann ar chleamhnacht an pháirtí a bhfuil na hairm sin aige. Aithníonn CAR go bhféadfadh sé tarlú, agus faisnéis á nochtadh ag Ballstáit ar mhaithe leis an trédhearcacht, gur mó a nochtfaí a gcuid onnmhairithe féin do ghrinnscrúdú poiblí. Dá bhrí sin, déanfaidh CAR an méid is mó is féidir:

- (a) aitheantas a thabhairt, ina tuairisciú poiblí, do na Ballstáit a chuireann faisnéis ar fáil do ghníomhaíocht iTrace ar mhaithe le trédhearcacht phoiblí; agus
- (b) a áirithiú go ndéantar sa tuairisciú poiblí a dhéanann iTrace idirdhealú soiléir maidir leis na Ballstáit thuasluaite agus stáit nach nochtann faisnéis go seasta chun tacú le himscrúduithe iTrace.

8.1 Soiléireacht oibríochtúil

Iarrfaidh CAR go dtabharfaidh Meitheal Chomhairle an Aontais Eorpaigh um Neamhleathadh agus Onnmhairiú Arm formheas roimh ré sula mbeidh rannpháirtíocht shubstainteach ann sna tíortha uile nach raibh faoi réir imscrúduithe allamuigh iTrace ná chláir oiliúna agus meantóireachta iTrace roimhe sin. Maidir le haon iarraidh den sórt sin, tabharfar cuntas ar na nithe a ndíreofar orthu go príomha sna himscrúduithe a dhéanfaidh CAR agus ar an modheolaíocht atá beartaithe don tír ionchasach. Tráth a glacadh an Cinneadh seo ón gComhairle, bhí cláir de chuid iTrace i bhfeidhm roimhe sin sna tíortha seo a leanas: An Afganastáin; Bairéin; Beinin; Buircíne Fasó; Camarún; Poblacht na hAfraice Láir; Sead; Poblacht Dhaonlathach an Chongó; An Cósta Eabhair; An Éigipt; An Aetóip; An Ghaimbia; Gána; an India; an Iaráic; Iosrael; an Iordáin; an Chéinia; an Liobáin; an Libia; Mailí; an Mháratáin; Meicsiceo; Mósaimbíc; Maenmar; Neipeal; an Nígir; an Nigéir; an Phacastáin, na hOileáin Philipíneacha; an Araib Shádach; an tSeineagáil; an tSomáil; an tSomáil; an tSúdáin Theas; an tSúdáin; an tSiria; Tóga, an Túinéis; an Tuirc; Uganda; an Úcráin; Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha; agus Éimin.

8.2. Maolú ar chlaontacht

Aithníonn CAR go bhféadfadh sé tarlú nárbh ionann leibhéal an nochta phoiblí a ghnóthódh na Ballstáit éagsúla mar thoradh ar leibhéal na mionsonraí a chuir rialtais náisiúnta na mBallstát sin ar fáil mar fhreagairt ar iarrataí ar rianú, is é sin Ballstáit nár thug freagairt ar bith, go dtí na Ballstáit a rinne nochtadh iomlán agus a sholáthraigh doiciméad aistriithe. Gabhann CAR air féin aon chlaontacht intuigthe a mhaolú, claontacht a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i dtuairisciú iTrace mar gheall ar na leibhéil neamhionann siúd, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Réamhrá sainráite a chur, i dtéacs, le gach cás arna thuairisciú ag gníomhaíocht iTrace inar thug na Ballstáit freagra trédhearcach ar iarrataí ar rianú ar bhealach a dhearbhaíonn go soiléir dlíthiúlacht na n-aistriithe atá faoi réir na n-iarrataí sin;
- (b) Réamhrá sainráite a chur, i dtéacs, le gach cás arna thuairisciú ag gníomhaíocht iTrace, ar cásanna iad nár thug stáit freagra ar iarrataí ar rianú, ina luaitear an méid a leanas: 'ní féidir le CAR a thuairim a thabhairt maidir le dlíthiúlacht an aistriithe i dtrácht i bhfianaise freagra ar iarraidh ar rianú a bheith in easnamh' (ní bheidh feidhm aige sin maidir le cásanna inar chuir na Ballstáit, mar fhreagra ar iarrataí sonracha ar rianú, cúiseanna ar fáil lena gcuirtear cosc orthu freagra láithreach nó freagra iomlán a thabhairt); agus

8.3. An próiseas um rianú

Tugann na Ballstáit agus eintitis neamhrialtasacha freagra, go hiomlán faoina rogha féin, ar iarrataí ar rianú arna n-eisiúint ag CAR faoi chuimsiú an tionscadail iTrace, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le rialuithe onnmhairiúcháin agus rúndacht sonraí. Is é an próiseas um rianú, áfach, an bealach is nithiúla chun cruinneas na faisnéise a chuirtear i láthair in aschuir phoiblí CAR a fhíorú. Trí pháirtithe a chur ar an eolas faoi atreorú sula nochtfar go poiblí é (trí fhoilseacháin iTrace nó CAR), tugann CAR an deis d'fhaighteoirí an rianaithe freagra a thabhairt ar 'líomhaintí' agus an scéal a chur ina cheart.

Ar dtús, cuireann CAR iarrataí ar rianú le haghaidh earraí atá faoi rialú onnmhairiúcháin go leictreonach chuig an mbuanionadaíocht rialtais chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac, cé go spreagann sé sin na rialtais náisiúnta, ar chúiseanna riaracháin, pointe teagmhála a shannadh ina bpríomhchathair féin le go mbeifí in ann teagmháil a dhéanamh amach anseo le gníomhaíocht iTrace⁹. I gcás earraí nach bhfuil faoi rialú, seolann CAR iarrataí ar rianú go leictreonach chuig eintitis mhonaraíochta nó onnmhairiúcháin.

Leanann an próiseas um rianú nós imeachta oibriúcháin caighdeánach inmheánach CAR 02.02 agus cuimsítear leis na céimeanna seo a leanas:

- (a) Ar shonraí a ghabháil dóibh, déanann foirne imscrúdaithe allamuigh a bhfuil sé de cheanglas orthu gnáth-airm agus a n-armlón a rianú, na hairm sin a mharcáil lena rianú i gCóras Tuairiscithe Domhanda ar Airm iTrace;
- (b) Déanann an tAonad um Rianú de chuid CAR athbhreithniú ar na sonraí eile go léir a bhailítear ar an láthair agus, i gcomhar le hAonad Anailísíochta CAR, seolann sé aon iarraidh bhreise ar rianú a mheasann sé a bheith ábhartha;
- (c) I gcás earraí a roghnaíodh lena rianú, déanann an córas: (i) uimhir iarrata ar rianú a shannadh go huathoibríoch do gach earra; (ii) iarrataí ar rianú d'earra amháin nó níos mó a chomhthiomsú, ar earraí iad a thagann ó aon tír amháin, in aon chumarsáid amháin maidir le rianú; agus (iii) uimhir chomhfhreagrais a shannadh do gach cumarsáid maidir le rianú;
- (d) Nuair a sheoltar iarraidh ar rianú, cuirtear tús le tréimhse feithimh 28 lá, agus níos níos imeachta náisiúnta á gcur san áireamh, mar shampla sna Ballstáit. Le linn na tréimhse feithimh, ní fhéadfar an t-earra a fhoilsiú ná tagairt a dhéanamh dó in aon cheann de na haschuir ó CAR;
- (e) Más rud é, ag deireadh na tréimhse 28 lá, nach bhfuil freagra ar rianú faighte ag an Aonad um Rianú, féadfaidh sé meabhrúchán a eisiúint (le ríomhphost nó le glao teileafóin agus coinneofar nótaí faoi gach cumarsáid). Ní chuirfear tús, leis an meabhrúchán sin, le tréimhse 28 lá eile;

⁹ Meabhraítear do na Ballstáit nach gcuireann gealltanais maidir leis an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe agus leis an gConradh Trádála Arm (CTA), gealltanais a bhaineann le taifid a choinneáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad, nach gcuireann siad srian ar bith ar na Ballstáit faisnéis a chomhroinnt nuair is ann do thaifid ábhartha thar thairseacha íosta coinneála ICC agus CTA. Moltar do na Ballstáit an fhaisnéis uile atá ar fáil a bhaineann le táirgeadh agus aistriú arm, armlóin agus ábhair ghaolmhair a chomhroinnt le Tionscadal iTrace, i gcás inarb ann do na taifid sin agus gan beann ar an am atá caite.

- (f) Nuair a fhaigheann an tAonad um Rianú freagra ar iarraidh ar rianú, tugann sé fógra do gach ball foirne ábhartha. Pléann na baill foirne ábhartha an freagra leis an Aonad um Rianú agus déanann siad cinneadh maidir le cur chuige (i.e. an ndearna an páirtí is freagróir na ceisteanna ó CAR a fhreagairt? An gá do CAR obair leantach a dhéanamh nó soiléiriú a iarraidh? An féidir le CAR ceart freagartha a eisiúint?);
- (g) A luaithe a bheidh na soiléirithe ar fad faighte, déanann an tAonad um Rianú fógra faoi cheart freagartha a chomhthiomsú. Is achoimre bheacht í seo ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil mar fhreagairt ar iarraidh CAR agus áirítear léi foláirimh mar gheall ar fhaisnéis a bheith ar iarraidh nó neamhchonclúideach. Tá an téacs deartha chun go gcuirfear a mhacasamhail, focal ar fhocal, in iTrace agus in aschuir eile de chuid CAR agus ní mór gur cuntas iomlán a bheidh ann ar an bhfaisnéis a chuir an freagróir ar fáil don iarraidh ar rianú. Cuireann an tAonad um Rianú an dréacht-téacs ar aghaidh chuig an bhfoireann atá freagrach as an rianú a iarraidh chun go ndéanfar athbhreithniú air. Nuair a ghlactar leis an téacs, cuireann an fhoireann fógra i scríbhinn chuig an Aonad um Rianú agus seolann an tAonad um Rianú an ceart freagartha. Meabhraítear do na Ballstáit nach bhfuil sé i gceist le comhaontú an téacs focal ar fhocal maidir leis an gceart freagartha ach cruinneas an tuairiscithe a áirithiú agus nach bhfuil sé i gceist leis teorainn a chur le raon feidhme an tuairiscithe ar líne chúraim iomlán earra. Ach amháin más léir go bhfuil sí earráideach, ba cheart é a bheith d’aidhm ag an bhfaisnéis uile a áirítear sa cheart freagartha an cuntas is iomláine ar chéannacht, táirgeadh, onnmhairiú, allmhairiú, úsáideoirí deiridh agus úsáid deiridh luaite earra a shoiléiriú, lena n-áirítear ainmneacha aon pháirtithe a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí thuasluaite;
- (h) Má sheoltar ceart freagartha, cuirtear tús le tréimhse feithimh 28 lá eile, agus le linn na tréimhse sin iarraidh CAR ar an bpáirtí is freagróir a mholadh go gcuirfí leis an téacs maidir leis an gceart freagartha nó go ndéanfar leasuithe air;
- (i) Má mholann an páirtí is freagróir leasuithe ar an téacs maidir leis an gceart freagartha, leasóidh CAR an téacs agus eiseoidh sé an ceart freagartha an athuair. Gach uair a eisíonn an tAonad um Rianú ceart freagartha an athuair, cuirtear tús le tréimhse feithimh 28 lá eile. Féadfar an próiseas sin a dhéanamh arís go dtí go measann CAR go bhfuil malartú tuairimí cuiditheach tugtha i gcrích. Níl sé de cheangal ar CAR glacadh *ad infinitum* le leasuithe ar an téacs maidir leis an gceart freagartha;
- (j) Tagann an próiseas maidir leis an gceart freagartha chun deiridh nuair a thugann an rialtas nó an t-eintiteas lena mbaineann fógra do CAR go bhfuil an téacs inghlactha, nó nuair a mheasann CAR go bhfuil na modhnuithe breise a mhol an rialtas nó an t-eintiteas lena mbaineann neamhbhailí nó iomarcach, nó nuair a théann an tréimhse feithimh 28 lá in éag gan freagra. Má chuireann an rialtas a easaontas in iúl do CAR, agus má mheasann CAR go bhfuil na pointí a ardaítear neamhbhailí nó iomarcach, ní mór do CAR tagairt a dhéanamh do na hagóidí sa téacs maidir leis an gceart freagartha. I gcás ina mbeidh faisnéis a bhaineann le táirgeadh, saintréithe nó slabhra soláthair earra ar iarraidh ó fhreagairt, féadfaidh CAR brath ar a chumais aitheantais féin, nó ar fhoinsí iontaofa eile, mar bhonn dá chonclúidí agus dá thuairisciú poiblí;
- (k) I gcásanna ina bhfuil an próiseas ‘ceart freagartha’ ar siúl agus go bhfuiltear ar tí foilsíú, 2 sheachtain sula gcuirtear an ‘téacs faoi ghlas’, cuirfidh CAR in iúl don pháirtí is freagróir nach gcuirfear tuilleadh leasuithe isteach san fhoilseachán ábhartha tar éis an dáta a chuirfear an téacs faoi ghlas;

- (l) Nuair a bheidh gach leasú agus gach ábhar breise curtha isteach sa téacs maidir leis an gceart freagartha ag an Aonad um Rianú, cuirfidh sé an dréacht-téacs ar aghaidh chuig an bhfoireann a bhí freagrach as an rianú a iarraidh chun go ndéanfar athbhreithniú air. Nuair a ghlacfar leis an téacs, tugann foireann CAR fógra i scríbhinn don Aonad um Rianú. Tar éis é a fhormheas, cuirtear an téacs maidir leis an gceart freagartha ‘faoi ghlas’ agus ní féidir tuilleadh athruithe a dhéanamh ar an téacs maidir leis an gceart freagartha. Ón tráth sin, ní mór an téacs seo a mhacasamhlú focal ar fhocal in aon aschur poiblí nó neamhphoiblí ina ndéantar tagairt don chás. Tá sé rithábhachtach, dá bhrí sin, go dtiocfaidh an tAonad um Rianú agus na foirne ábhartha ar chomhaontú maidir le téacs focal ar fhocal ina iomláine sula n-eiseoidh siad cearta freagartha; agus
- (m) Má dhéanann rialtas nó eintiteas, mar fhreagairt ar iarrataí ó CAR, an chéad phointe eile sa slabhra soláthair a shaináithint, eiseoidh CAR iarraidh ar rianú nua chuig an bpáirtí sin, agus tosaíonn an próiseas um rianú an athuair ó phointe (a).

8.4. Fógra roimh ré

Cuireann CAR fógra roimh ré chuig gach páirtí a ndéantar tagairt shubstainteach dóibh i bhfoilseacháin iTrace. Is i bhfoirm cumarsáid fhoirmiúil a bhíonn an chumarsáid fhoirmiúil sin. Is é údar an fhoilseacháin atá ar na bacáin a ullmhaíonn agus a sheolann chuig an Aonad um Rianú í. Déantar cur síos sa réamhfhógra ar an gcaoi a ndéanfar tagairt sa tuarascáil don chaidreamh idir an rialtas nó an t-eintiteas eile a luaitear agus an cás lena mbaineann agus tá sé ceaptha chun an méid seo a leanas a áirithiú:

- (a) go bhfuil dícheall cuí déanta ag CAR maidir le haon líomhaintí nó tagairt a rinneadh d’eintitis ina aschuir; agus
- (b) go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear i láthair in aschuir CAR cruinn agus cothrom.

A luaithe a sheolfar an réamhfhógra, cuirfear tús le tréimhse feithimh 14 lá agus le linn na tréimhse sin iarrann CAR ar na faighteoirí cruinneas na faisnéise a chuirtear ar fáil a sheiceáil agus aon agóid a dhéanamh. Ní fhéadfar an earra a fhoilsiú ná tagairt a dhéanamh dó in aon cheann de na haschuir ó CAR le linn na tréimhse feithimh 14 lá sin.

9. Tuairisciú

Cuirfear tuarascálacha insinte isteach gach ráithe, ina sonrúfar gníomhaíochtaí agus aschuir de réir tionscadail, le tacaíocht ó shonraí fíor-ama a bhfuil rochtain orthu tríd an deais iTrace.